

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

**An Scéim Teanga 2014 - 2017
Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

1	CAIBIDIL 1.....	3
1.1	RÉAMHRÁ & CÚLRA	3
1.2	PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN.....	3
1.3	ÁBHAR NA SCÉIME TEANGA.....	3
1.4	DÁTA TOSAIGH NA SCÉIME TEANGA.....	4
2	FORBHREATHNÚ AR AN LGMA.....	5
2.1	RÉAMHRÁ	5
2.2	CUSTAIMÉIRÍ AGUS CLIAINT	5
2.3	STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA	6
2.4	FEIDHMEANNA NA GNÍOMHAIREACHTA.....	6
2.5	MEASÚNÚ AR AN MÉID ATÁ SEIRBHÍSÍ AR FÁIL TRÍ GHAEILGE CHEANA	7
2.6	DOICIMÉID/SEIRBHÍSÍ NACH BHFUIL AR FÁIL TRÍ GHAEILGE.....	7
3	FEABHAS AR NA SEIRBHÍSÍ ATÁ LE CUR AR FÁIL TRÍ GHAEILGE AGUS TRÍ BHÉARLA	8
3.1	COMHFHREAGRAS	8
3.2	LÁITHREÁN GRÉASÁIN AGUS RÍOMHPHOST	8
3.3	FOILSEACHÁIN	8
3.4	CÓRAIS TF	10
3.5	TEILEAFÓIN.....	11
3.6	EARCAÍOCHT AGUS SOLÁTHAR FOIRNE.....	11
3.7	CUR I BHFEIDHM	12
4	MONATÓIREACHT & ATHBHREITHNIÚ.....	13
4.1	FREAGRACHT	13
4.2	FEABHAS A CHUR AR CHUMAS GAEILGE AN BHOIRD.....	13
4.3	AN SCÉIM CHOMHAONTAITHE A PHOIBLIÚ	14

1 CAIBIDIL 1

1.1 Réamhrá agus Cúlra

I mí Feabhra 2014, d'iarr an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (“an Gníomhaireacht”) scéim a ullmhú faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”). Déantar socrú in Alt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ag cur síos ar na seirbhísí a sholáthróidh siad.

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le déanamh lena chinntiú go ndéanfar seirbhísí ar bith nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil amhlaidh laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

1.2 Próiseas Comhairliúcháin

D’fhoilsigh an Gníomhaireacht fógra dátheangach faoi Alt 13 den Acht an 21 Bealtaine 2014 san Irish Independent, ag lorg uirill maidir le hullmhú na dréachtscéime faoi Alt 11 ó pháirtithe ar bith a raibh suim acu é sin a dhéanamh.

De réir na dTreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 12 den Acht, chuir an Gníomhaireacht próiseas comhairliúcháin i gcrích lenár gcustaiméirí, arb iad sin na daoine atá ina bhfaighteoirí díreacha nó indíreacha dár seirbhísí. Ní idirghníomhaíonn an Gníomhaireacht go díreach leis an bpobal toisc gur soláthraí seirbhís í, den chuid is mó, d’Údarás Áitiúla agus do ghníomhaireachtaí Rialtais. Dá bhrí sin is iad comhlachtaí poiblí a custaiméirí. Thug an Gníomhaireacht cuireadh do Chinn na gCóras Faisnéise agus Oifigigh Teanga na Gaeilge in Údarás Áitiúla chun aighneachtaí a dhéanamh thar ceann a nÚdarás Áitiúil, lena gcur faoi bhráid na Gníomhaireachta in ullmhú na dréachtscéime. Tionóladh cruinniú fosta le Cinn na gCóras Faisnéise.

Rinneadh suirbhé foirne inmheánach chomh maith chun leibhéal cumais an Bhoird sa Ghaeilge a dhearbhu.

1.3 Ábhar na Scéime Teanga

Chuidigh pearsanra ó gach réimse feidhmiúil sa Gníomhaireacht leis an scéim a dhréachtú.

Is faoin lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Gníomhaireacht a bheidh sé monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim. Cuireann an scéim leis an méid atá seirbhísí á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair mar bhonn tosaigh. Déantar na bealaí ar féidir an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an nGníomhaireacht seo a fheabhsú sa toadhchá a shainaitint in ábhar na scéime. Áirítear tiomantas sa scéim fosta maidir le measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar leibhéal éilimh a chustaiméirí ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge agus a chinntiú go leanfaidh an Gníomhaireacht den éileamh sin a shásamh ar bhealach atá planáilte, soiléir agus

An Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil - Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla

inrochtana. Leanfaidh an Ghníomhaireacht le leibhéal an éilimh ar a sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a thomhas.

1.4 Dáta Tosaigh na Scéime Teanga

Dhearbhaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón 7 Iúil 2014 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go ndearbhóidh an tAire scéim úr de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is luaithe.

2 Forbhreathnú ar an nGníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil

2.1 Réamhrá

Is gníomhaireacht í an LGMA (an Ghníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil) atá faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Ceapann an tAire ceithre (4) bhall de chuid bhord an LGMA agus ainmníonn Comhairle na Gníomhaireachta na hocht (8) mball eile.

Seirbhís chomhroinnte náisiúnta agus ionad barr feabhais is ea an LGMA a sholáthraíonn, a fhaigheann agus a chomhordaíonn raon táirgí agus tacaí seirbhíse, a theastaíonn ón earnáil rialtais áitiúil, a sheachadtar go cuí agus go héifeachtúil ar leibhéal náisiúnta. Is é fócas na Gníomhaireachta a chinntiú gur féidir leis an rialtas áitiúil raon seirbhísí a sheachadadh ar bhonn éifeachtúil agus éifeachtach agus chun tairbhe foriomlán an phobail.

Tá buntáistí curtha ar fáil don earnáil le níos mó ná tríocha bliana leis na gcur chuige seirbhísí comhroinnte seo. Áirítear ar na buntáistí coigiltis shuntasacha ar chostais agus feabhas ar cháilíocht na seirbhíse tríd an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr a ghlacadh, agus feabhas ar éifeachtúlacht trí chineálacha cur chuige áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta a ghlacadh mar a bheith cuí lena chinntiú go bhfreastalaítear a mhéad is féidir ar riachtanais na saoránach.

2.2 Custaiméirí & Cliant

Tá 34 contae/cathair sa Rialtas Áitiúil in Éirinn agus tá 114 eagraíocht neamhspleách san iomlán ann, a fheidhmíonn laistigh de chreat dlíthiúil a shainíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go príomha. Tá athrú ollmhór tagtha ar an teicneolaíocht agus ar an mbonneagar laistigh den earnáil ina bhfeidhmíonn an LGMA le 35 bliain anuas.

Tá athrú á chur chun cinn ag fórsaí seachtracha chlár oibre níos leithne an r-Rialtais in Éirinn agus ar leibhéal AE araon ag luas gan choinne. Cuireann an ré úr seo dúshlán orainn chun athsmaoiniú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le hearnáil phoiblí ar a bhfuil feabhas suntasach feabhas a chur ar ár saolta go léir. Áirítear air sin seachadadh seirbhíse do shaoránaigh agus do ghnó, bearta éifeachtachta agus éifeachtúlachta in úsáid acmhainní poiblí, agus rannpháirtíocht ag saoránaigh sa phróiseas daonlathach rialtais chun a gcuimsiú agus a gcumhachtú a chinntiú.

Braithfidh cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Straitéiseach an LGMA ar an gcomhpháirtíocht uathúil idir LGMA agus na hÚdaráis Áitiúla maidir le gach gné de na straitéisí ag baint leas as an tuiscint dhomhain agus roinnte trína chinntítear go mbeidh an LGMA go hiomlán ar an eolas agus fócasaithe i gcónaí ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach d'Údaráis Áitiúla.

2.3 *Struchtúr na Gníomhaireachta*

Tá an eagraíocht deartha ar bhonn sraith gnéithe comhshnaidhmeacha agus comhlántacha, atá roinnte ina chúig réimse leathan um ghníomhaíocht straitéiseach:

- *Cuidiú le hÚdaráis Áitiúla foras um chomhsheirbhísí sainithe a chur ar bun don Earnáil*
- *Ceannaireacht, tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil i Straitéis agus Beartas acmhainní daonna, oiliúint agus forbairt, sláinte agus sábháilteacht, cosaint páistí, comhionannas, comhpháirtíocht san áit oibre agus forbairt leabharlann.*
- *Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil in idirbheartaíocht náisiúnta acmhainní daonna, ionadaíocht ghairmiúil agus seirbhísí comhairleacha.*
- *Soláthar na bpríomhsheirbhísí TFC a theastaíonn ó Údarás Áitiúil trí chomhcheangal eolais earnála, scileanna teicniúla & cumais agus barainneachtaí scála.*
- *An Oifig um Bainistiú an Údarás Áitiúil (OLAM) chun comhordú a dhéanamh idir an rialtas lárnach, an rialtas áitiúil agus tríú páirtithe eile agus chun ionadaíocht a dhéanamh don earnáil rialtais áitiúil i raon éagsúil réimsí beartais a théann i gcion ar údaráis áitiúla.*

2.4 *Feidhmeanna na Gníomhaireachta*

Seirbhís chomhroinnte náisiúnta agus ionad barr feabhais is ea an LGMA a sholáthraíonn, a fhaigheann agus a chomhordaíonn raon tacaí seirbhíse a theastaíonn ón earnáil rialtais áitiúil chun cuidiú leo straitéisí cuí a fhorbairt chun bonn taca a chur faoina gcuid riachtanais ghnó agus réitigh chuí a chur i bhfeidhm. Is iad príomhfheidhmeanna an LGMA:

- *Na réitigh is fearr a sholáthar agus a chomhordú chun riachtanais údarás áitiúil maidir le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a shásamh.*
- *Tacaíocht agus comhairle a sholáthar maidir le seirbhísí bainistíochta, acmhainní daonna agus caidreamh poiblí.*
- *Tríd an Oifig um Bainistiú an Údarás Áitiúil (OLAM), ionadaíocht a dhéanamh ar son na bainistíochta in údaráis áitiúla agus seirbhís tacaíochta um chomhairle, taighde agus beartais a chur ar fáil do Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA).*

2.5 Measúnú ar an méid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana

Ag cur san áireamh na cineálacha feidhme agus oibre atá ag an LGMA, níl ardleibhéal teagmhála díri aige le baill aonair an phobail i gcoitinne ná ní sholáthraíonn sé scéimeanna nó seirbhísí, go díreach nó go hindíreach, do bhaill aonair an phobail i gcoitinne.

Soláthraíonn sé scéimeanna agus seirbhísí d'údaráis áitiúla, áfach. D'fhéadfadh na scéimeanna agus na córais sin a bheith ina scéimeanna agus ina gcórais phoiblí ach is é an t-údarás áitiúil atá freagrach as an tseirbhís a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do bhaill aonair an phobail i gcoitinne. Tá roinnt de na córais phoiblí atá á dtacú agus a gcothú ag an LGMA faoi láthair ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Cuireann an Ghníomhaireacht seirbhísí ar fáil go príomha trí mheán an Bhéarla seachas na doiciméid atá foilsithe i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi Alt 10 den Acht. Tá doiciméid amhail an Tuarascáil Bhliantúil, Cuntais Airgeadais agus Doiciméid Straitéise foilsithe i nGaeilge agus i mBéarla araon.

2.6 Doiciméid/seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge

I ngeall ar nádúr na Gníomhaireachta, tá cion mór de na doiciméid a tháirgtear lasmuigh de scóip na scéime faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is é is cúis leis sin go bhfuil na doiciméid chun críocha inmheánacha nó is de nádúr seirbhísí teicniúla iad agus ní chuirtear ar fáil don phobal i gcoitinne nó d'aicmí den phobal i gcoitinne iad. Mar sin, leanfar de na doiciméid a chur ar fáil i mBéarla amháin.

Áirítear ar doiciméid de nádúr speisialaithe nó teicniúil arna dtáirgeadh ag an mBord agus nach bhfuil deartha don phobal i gcoitinne iarratais ar dhoiciméid tairisceana agus lámhleabhair um threoir theicniúil. Áirítear orthu chomh maith sonraí maidir le doiciméid inmheánach a ullmhaíonn an Ghníomhaireacht.

3 Feabhas ar na Seirbhísí atá le Cur ar Fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla

3.1 Comhfhreagras

Beart	Amscála
3.1.1 Cuirfidh an Gníomhaireacht tús le comhfhreagras i nGaeilge leo siúd ar mian leo comhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge. Tabharfar treoir don fhoireann taifead de dhaoine dá leithéid a choinneáil d'fhonn an tiomantas seo a chomhlíonadh.	leanúnach

3.2 Láithreán Gréasáin agus Ríomhphost

Beart	Amscála
3.2.1 Beifear ábalta nascleanúint a dhéanamh ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Cuirfear leagan Gaeilge d'ábhar seasta uile an láithreáin ghréasáin ar fáil.	Nuair a bheidh uasghrádú suntasach á dhéanamh ar an láithreán gréasáin atá ann cheana nó laistigh de shaolré na scéime seo, cibé acu is luaithe
3.2.2 Cuirfidh an Gníomhaireacht ceannteidil agus clásail séanta dhátheangacha chaighdeánacha ar fáil ar chóras ríomhphost na Gníomhaireachta.	Faoi dheireadh 2014

3.3 Foilseacháin

Beart	Amscála
-------	---------

<p>3.3.1 Chomh maith leis na doiciméid a thagann faoi scóip alt 10 den Acht, déanfar an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh gach foilseachán dátheangach de chuid an Bhoird sa chlúdach céanna de réir an dea-chleachtais.</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>3.3.2 Sa chás go bhfuil foilseachán le táirgeadh i nGaeilge agus i mBéarla, glacfar leis nach bhfuil an doiciméad réidh go fóill lena fhoilsiú, sin mura bhfuil leaganacha an dá theanga ar fáil.</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>3.3.3 Cuirfidh an Ghníomhaireacht struchtúr beartaithe ar bun le haghaidh riachtanais aistriúcháin na Gníomhaireachta lena n-áirítear leas a bhaint as aistritheoirí seachtracha.</p>	<p>Faoi dheireadh 2014</p>
<p>3.3.4 Déanfaidh an Ghníomhaireacht preaseisiúintí, bileoga eolais agus bróisiúir ar bith (atá dírithe ar ghnáthbhaill an phobail) a eisiúint i mBéarla agus i nGaeilge araon go comhuaineach.</p>	<p>Laistigh de shaolré na scéime seo.</p>

3.4 Córais TF

Beart	Amscála
<p>3.4.1 Déanfar soláthar feidhmeanna i nGaeilge a éascú ar iarratas ó na húdaráis áitiúla agus custaiméirí eile, nuair a bheidh mór-uasghrádú ar chórais phoiblí, lena n-áirítear córais idirghníomhacha, á chur i bhfeidhm faoi réir ceisteanna comhoiriúnachta. Ós rud é go bhfuil roinnt córas ina gcórais choibhneasta chasta a forbraíodh go hinmheánach thar a lán blianta, agus go bhfuil feistiú reitreo deacair, costasach agus dian ar acmhainní, beidh gá le hanailísí tionchair maidir le gach uasghrádú.</p>	<p>Laistigh de shaolré na scéime</p>
<p>3.4.2 Éascóidh an Ghníomhaireacht údaráis áitiúla agus custaiméirí eile a éilíonn go gcuirfear cumarsáid phoiblí (amhail litir, foirmeacha iarratais, srl.) ar fáil ón gcóras i nGaeilge agus i mBéarla araon le córais phoiblí úra ar bith, lena n-áirítear córais idirghníomhacha, arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht.</p>	<p>Laistigh de shaolré na scéime</p>
<p>3.4.3 Éascóidh an Ghníomhaireacht údaráis áitiúla agus custaiméirí eile a éilíonn go mbeidh córais phoiblí úra arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht dátheangach.</p>	<p>Laistigh de shaolré na scéime</p>
<p>3.4.4 Cinnteoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh córais phoiblí úra a gheofar ó thríú páirtithe sainithe mar chórais dhátheangacha arna n-iarraidh ag ár gcustaiméirí sa chás go bhfuil sé ar fáil agus laistigh de na hamscálaí maidir leis na córais a sheachadadh.</p>	<p>Laistigh de shaolré na scéime</p>
<p>3.4.5 Cinnteoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh an cumas ar gach ríomhaire pearsanta agus ar gach printéir úr a cheannófar chun an Ghaeilge a láimhseáil</p>	<p>Faoi dheireadh 2014</p>

3.5 Teileafóin

Beart	Amscála
3.5.1 Tá na seirbhísí lasc-chlár trí mheán an Bhéarla amháin, i láthair na huaire. Cinnteoidh an LGMA, laistigh de shaolré na Scéime, go dtabharfaidh fhoireann an lasc-chláir a oibríonn an lasc-chlár freagra le hainm an LGMA i nGaeilge agus i mBéarla; go bhfuil eolas acu ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge, agus go gcuirfear socruithe i bhfeidhm chun glaoiteoirí a aistriú chuig an tseirbhís chuí trí Ghaeilge. Leanfaimid de bhreisoiliúint a chur ar fhoireann an lasc-chláir thar líon scéimeanna.	Le linn shaolré na scéime.
3.5.2 Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna teileafóin ó bhaill Ghaeilge an phobail a láimhseáil.	Faoi dheireadh 2014

3.6 Eacrcaíocht agus Soláthar Foirne

Beart	Amscála
3.6.1 Sa chás go gceapfar go bhfuil scileanna cumarsáide dátheangaí trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla riachtanach nó inmhianaithe le haghaidh poist ar bith, déanfar é sin a shainiú i sonraíochtaí an phoist	Faoi dheireadh 2014
3.6.2 Tabharfar tús eolais do gach ball foirne maidir le Scéim na Gaeilge agus na himpleachtaí a bhaineann léi maidir leis an dóigh a gcomhlíonfaidh siad a bpost mar chuid dá n-oiliúint ionductúcháin.	Faoi dheireadh ráithe 1 2014
3.6.3 Déanfar é a phoibliú go bhfuil fáilte roimh chainteoirí Gaeilge, roimh iad siúd atá ábalta cumarsáid a dhéanamh go dátheangach agus roimh chainteoirí Béarla teacht ar bord an lucht oibre, de réir an chleachtais um chomhdheiseanna.	Faoi dheireadh 2014
3.6.4 Cuirfear rochtain ar ranganna Gaeilge ar fáil do na baill foirne go léir	Faoi dheireadh 2014
3.6.5 Breathnófar ar bhaill foirne reatha a shainnithint nó baill foirne úra a earcú atá toilteanach agus ábalta oibriú ar ghnéithe teicniúla fhorbairt an chórais dhátheangaigh	Faoi dheireadh 2014

3.7 Cur i bhFeidhm

Beart	Amscála
3.7.1 Chun forbairt seirbhísí úra nó córas úr ar bith tríd an nGaeilge a éascú, bunóidh an LGMA grúpa oibre chun imscrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna a thiocfaidh chun cinn le linn forbairt nó uasghrádú córais ar bith chun feidhmiúlacht dhátheangach a chuimsiú.	Faoi dheireadh 2014
3.7.2 Is í an fheidhm a bheidh ag an ngrúpa oibre sraith caighdeán a chomhaontú agus a chur ar fáil don fhoireann agus do chustaiméirí a chuirfear i bhfeidhm i bhforbairt na feidhmiúlachta dátheangaí.	Faoi dheireadh 2014
3.7.3 Sannfaidh an LGMA freagracht do bhainisteoir as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtiomantas atá tugtha sa dréachtscéim seo.	Leanúnach
3.7.4 Áireoidh an LGMA tagairt d'Acht na dTeangacha Oifigiúla i ndoiciméid straitéise úra ar bith.	Leanúnach

4 Monatóireacht & Athbhreithniú

4.1 Freagracht

Tá faomhadh iomlán faighte le haghaidh na Scéime seo ó Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí na Gníomhaireachta. Beidh rúnaí Boird na Gníomhaireachta freagrach as cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú iomlán na Scéime. Beidh na bainisteoirí freagrach as an Scéim a chur i bhfeidhm laistigh dá Rannóga féin agus as tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an gcur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil ar a laghad. Beidh sé de cheangal ar gach bainisteoir - sonraí maidir leis na bearta is gá chun cur i bhfeidhm cheanglais na Scéime seo a chinntiú, agus spriocdhátaí a chomhfhreagraíonn do na spriocdhátaí atá leagtha amach sa Scéim seo a chur ina bpleananna gníomhaíochta bliantúla.

Is iad bainisteoirí gach rannóige atá freagrach as cur i bhfeidhm na scéime laistigh dá réimsí féin a chomhlíonfaidh an fheidhm mhonatóireachta laethúil go príomha.

Baileofar faisnéis gach bliain maidir le:

- Cur síos ar ábhair a foilsíodh go hiomlán nó go páirteach i nGaeilge.
- Gnóthachtálacha i gcoinne an amscála sa scéim.
- Teagmhas agus cineál na ngearán agus na moltaí maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag an Roinn.

Beidh tuairisc maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm faoin Scéim san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta.

4.2 Feabhas a chur ar chumas Gaeilge na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do na leibhéil reatha eolais agus chumais maidir leis na scileanna Gaeilge atá ar fáil laistigh den Ghníomhaireacht faoi láthair a fhorbairt. D'fhonn an leibhéal saineolais sa Ghaeilge i measc na foirne a dhearbú rinneadh suirbhé ar an bhfoireann ag iarraidh orthu a gcumas scríobh, léamh agus labhairt i nGaeilge a rátáil. Cé go bhfuarthas freagairt shuntasach ar an suirbhé, léiríodh go soiléir ann go bhfuil an leibhéal reatha cumais chun déileáil le ceisteanna riaracháin agus teicniúla trí mheán na Gaeilge measartha teoranta.

Beidh gá le hiarracht shuntasach a dhéanamh thar a lán blianta chun an leibhéal eolais agus inniúlachta maidir leis an nGaeilge a ardú. An phríomh-mheicníocht chun cumas na Gníomhaireachta a neartú maidir le tuilleadh dá gnnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ná oiliúint a chur ar fhoireann na Gníomhaireachta agus í a fhorbairt.

Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid den tiomantas leanúnach d'oiliúint agus forbairt chuí don fhoireann chun freastal ar riachtanais chustaiméirí na Gníomhaireachta atá ag teacht chun cinn agus acmhainneacht na foirne a fhorbairt, tá sé beartaithe na bearta a leanas a dhéanamh ar feadh thréimhse na scéime reatha:

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil - Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla

- Éascóidh an Gníomhaireacht baill foirne ar mian leo freastal ar chúrsaí Gaeilge
- Tabharfar comhairle don fhoireann maidir leis an raon leathan ranganna ardchaighdeán Gaeilge atá ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta na hoifige (.i. Diplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge) agus cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil do bhaill foirne a bheidh ag déanamh cúrsaí dá leithéidí faoin gClár Cúnaimh Oideachais.

Ag féachaint le feabhas a chur ar leibhéal agus caighdeán na seirbhísí a chuireann sé ar fáil go dátheangach don phobal cuirfidh an Gníomhaireacht na bearta ginearálta agus sainiúla seo a leanas i bhfeidhm faoi dheireadh thréimhse na scéime seo:

4.2.1 Tairgfear oiliúint d'fháilteoirí/oibreoirí an lasc-chláir, arb iad na chéad phointí teagmhála leis an bpobal lena chur ar a gcumas ainm na Gníomhaireachta a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla agus na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge a bheith ar eolas acu.	Leanúnach
4.2.2 Aithneofar baill foirne atá toilteanach déileáil le fiosruithe teileafóin i nGaeilge le 'G' ar liostaí teileafóin a chuirfear ar fáil d'fháilteoirí agus d'oibreoirí an lasc-chláir.	Faoi dheireadh 2014
4.2.3 Áireoidh an Gníomhaireacht feasacht teanga mar chuid de chúrsaí oiliúna ionductúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí ionas go gcinnteofar go dtuigfidh an fhoireann an fáth go bhfuil sé d'aidhm ag an gGníomhaireacht leibhéal na seirbhísí a chuireann sí ar fáil go dátheangach a mhéadú, an comhthéacs agus an cúlra leis an mbeartas agus an dóigh a rachaidh an beartas i gcion ar a gcuid oibre.	Leanúnach
4.2.4 Déanfaidh an LGMA scrúdú ar an bhféidearthacht go mbeadh rochtain éasca ag an bhfoireann ar fhaisnéis agus ar acmhainní teanga, m.sh. foclóirí, i gcóipeanna crua agus i bhformáidí leictreonacha araon, comhairle maidir leis an nGaeilge scríofa agus liosta d'fhrásaí coiteanna atá in úsáid.	Laistigh de shaolré na scéime

4.3 An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Tá an fhoireann feasach faoi cheanglais na Gníomhaireachta an scéim seo a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cuirfear treoir agus teoracha mionsonraithe ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh gá a bheith acu bearta maidir leis an nGaeilge a chur i bhfeidhm. Beidh an fhoireann feasach faoina bhfreagrachtaí faoin scéim trí raon bealaí. Déanfar an scéim seo a phoibliú go himmheánach agus go seachtrach araon, trí phreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear é ar an bhfoireann agus ar na gníomhaireachtaí iomchuí go léir. D'fhéadfadh sé go mbainfí leas as bealaí eile chun an scéim a phoibliú, mar shampla:

An Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil - Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla

- **Lainseáil Oifigiúil**
- **Forálacha a fhógairt**

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.